**Ceist i gcomhair freagra i scríbhinn E-002198/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 138
**Sandra Pereira** (The Left), **João Pimenta Lopes** (The Left), **Clare Daly** (The Left), **Sabrina Pignedoli** (NI), **Ana Miranda** (Verts/ALE), **Eugenia Rodríguez Palop** (The Left), **Manu Pineda** (The Left), **Tatjana Ždanoka** (NI), **Giorgos Georgiou** (The Left), **Javier Moreno Sánchez** (S&D), **Stelios Kouloglou** (The Left), **Ignazio Corrao** (Verts/ALE), **Konstantinos Arvanitis** (The Left), **Kateřina Konečná** (The Left), **Sira Rego** (The Left), **Fabio Massimo Castaldo** (NI), **Lefteris Nikolaou-Alavanos** (NI), **Kostas Papadakis** (NI), **Mick Wallace** (The Left), **Marc Botenga** (The Left), **Leila Chaibi** (The Left), **Massimiliano Smeriglio** (S&D), **Martin Buschmann** (NI), **Patrizia Toia** (S&D)

Ábhar: Cúba ar an 'liosta de státurraitheoirí sceimhlitheoireachta', mar a thugtar air

An 28 Feabhra 2023, d'fhoilsigh Roinn Stáit na Stát Aontaithe a Tuarascálacha Tíre 2021 maidir leis an Sceimhlitheoireacht, ina n-éilíonn sí go gcoinneofaí Cúba go treallach ar a 'liosta de státurraitheoirí na sceimhlitheoireachta', mar a thugtar air.

Baineadh Cúba den liosta neamhdhlisteanach seo in 2015, díreach tar éis an fhógra go raibh an caidreamh idir an dá thír le normálú. Cuireadh Cúba leis arís in 2021, ar an gcúinse go raibh baill d'Arm um Shaoradh Náisiúnta na Colóime á óstáil aige ar a chríoch faoi chuimsiú na caibidlíochta síochána idir an eagraíocht sin agus Rialtas na Colóime.

Níl i gceist le hatháireamh Chúba ar an liosta ach leithscéal eile chun an bac eacnamaíoch, tráchtála agus airgeadais a choinneáil i gcoinne na tíre. Bíonn éifeachtaí seach-chríochacha ag an mbac sin a mbíonn tíonchar díreach aige ar Bhallstáit agus ar chuideachtaí an Aontais.

Ní hamháin go gcuireann na smachtbhannaí a fhorchuirtear ar na tíortha atá ar an liosta teorainn le cabhair agus le trádáil leis na Stáit Aontaithe, ach bíonn srianta suntasacha airgeadais idirnáisiúnta i gceist leo freisin a mbíonn tionchar diúltach acu ar chaidreamh trádála le hoibreoirí eile, go háirithe oibreoirí ó Bhallstáit an Aontais.

1. Ar glacadh aon chéim i ndáil le húdaráis na Stát Aontaithe, anuas ar ráitis phoiblí, maidir le Cúba agus gan é a atháireamh ar an liosta seo?

2. Ar glacadh aon bhearta chun oibreoirí an Aontais a chosaint ar an tionchar seach-chríochach a bheidh le Cúba a áireamh ar an liosta neamhdhlisteanach seo?

Curtha síos:12.7.2023